# Ráiteas le cur os comhair Chomhchoiste Oireachtais na Gaeilge & na Gaeltachta

## BÁNÚ, an Cúlra

Socraíodh an brúghrúpa BÁNÚ a bhunú ag deireadh na bliana 2023 le dul i mbun stocaireachta faoi sholáthar tithíochta sa nGaeltacht do chainteoirí Gaeilge. Tuigeann BÁNÚ go bhfuil géarchéim tithíochta sa tír ar fad. I gcás na Gaeltachta, tá an easpa soláthar tithíochta ag cur todhchaí na Gaeilge i mbaol, i gcuid de na ceantracha is láidre. Tá an chéad ghlúin eile tuismitheoirí á brú amach as na ceantair Ghaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar.

Is cúis dóchais é go bhfuil cuid mhaith dhe aos óg na Gaeltachta sásta socrú síos sa nGaeltacht, clann a thógáil inti agus na pobail Ghaeltachta as a fáisceadh iad a dhaingniú is a neartú. Ach, nuair nach mbíonn áit chónaithe ar fáil go háitiúil, ar cíos ná le ceannach, bíonn orthu imeacht. De réir taighde a rinne BÁNÚ, as 201 teach a bhí ar fáil ar cíos i nGaeltacht Chonamara idir Bhearna agus Cárna ag deireadh mí Eanáir, bhí 197 acu á ligean amach ar AirBnB.

Le dul i ngleic leis an nganntan soláthar tithíochta sa nGaeltacht tá ceithre bhun-éileamh ag BÁNÚ:

(i) go dtabharfaí, tré leasú cuí reachtaíochta, an chumhacht do Údarás na Gaeltachta dul ag plé le soláthar tithíochta sa nGaeltacht;

(ii) go dtabharfaí cead do Roinn na Gaeltachta usáid a bhaint as Acht na Tithíochta Gaeltachta (Leasaithe) 2001, le tacaíocht a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge tithe a thógáil sa nGaeltacht;

(iii) go dtabharfaí tús áite do chainteoirí Gaeilge teach a fháil ar cíos seachas tithe ag dul ar liheain ghearrthréimhseacha;

(iv) go ndéanfaí na dréacht-threoirlínte maidir le caomhnú agus neartú na Gaeilge sa nGaeltacht a fhoilsiú.

## An Stocaireacht go dtí Seo:

Go dtí seo bhí cruinniú ag BÁNÚ le Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta; le feidhmeannaigh sinsearacha i Roinn na Gaelthachta agus leis an Aire Tithíochta.

Cuireadh Údarás na Gaeltachta ar bun go príomha leis an nGaeilge a chaomhnú is a neartú mar theanga phobail. Chuige sin, cruthaítear fostaíocht sa nGaeltacht le nach mbeidh ar mhuintir na Gaeltachta dul ar imirce agus le go mbeidh an dream óg a bhfuil Gaeilge acu in ann fanacht sa nGaeltacht. Tá cuid mhaith daoine ag obair i réimse na teilifíse sa Rinn i bPort Láirge agus i gCois Fharraige na Gaillimhe, le postanna maithe acu. Is daoine óga cruthaíocha a bhformhór atá tiománta don Ghaeilge ACH go minic bíonn orthu bogadh amach as an nGaeltachht mar nach mbíonn áit chónaithe feiliúnach le fáil acu sa nGaeltacht.

Cuireann sé obair an Údaráis ar son na Gaeltachta ó mhaith nuair nach mbíonn áit chónaithe ar fáil ag na daoine sna postanna a chruthaítear. Tá banc talún ag Údarás na Gaeltachta ar a bhféadfaí tithíochta inacmhainne a sholáthar do chainteoirí Gaeilge. Tuigtear dúinn go bhfuil staidéar le déanamh ar trí shuíomh atá ag Údarás na Gaeltachta i nGaoth Dobhair, ar an gCeathrú Rua agus sa Rinn. Tuigtear dúinn go bhfuil sé i gceist ag an Údarás na suíomhanna a thabhairt ar lámha do na húdaráis áitiúla, mar nach bhfuil an chumhacht reáchtúil ag an Údarás tabhairt faoin bhforbairt. B'fhearr le BÁNÚ go mbeadh smacht ag Údarás na Gaeltachta ar sholáthar na tithíochta.

Chas BÁNÚ leis an Aire Tithíochta, an Teachta Darragh O' Brien mí Feabhra seo caite, agus phléamar an cheist leis. Thug sé le fios dá mbeadh aitheantas ag an Údarás mar Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB) go bhféadfadh an tÚdarás tabhairt faoi sholáthar tithíochta inacmhainne ar na suíomhanna, ach na hacmhainní daonna is airgeadais a bheith curtha ar fáil.

Le nach mbeadh aon amhras ná comhartha ceiste faoi chumacht a bheith ag an Údarás dul ag plé le tithíocht, tá BÁNÚ ag moladh go gcuirfí leasú ar Acht Údarás na Gaeltachta le go mbeadh soláthar tithíochta do chainteoirí Gaeilge sa nGaeltacht mar cheann de fheidhmeanna sonracha an Údaráis faoin reáchtaíocht. Más é caomhnú agus neartú na Gaeilge mar theanga phobail na Gaeltachta an phríomhfheidhm reáchtúil atá ag Údarás na Gaeltachta, ní mór an chumhacht shainiúil agus na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil le gur féidir na cainteoirí Gaeilge atá fostaithe i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis a choinneáil sa nGaeltacht, ar a laghad.

Maidir le Roinn na Gaeltachta, tá feidhmeanna tithíochta ag Aire na Gaeltachta faoin reachtaíocht mar atá sé, nár usáideadh le hos cionn 10 mbliana. Faoi Acht Tithíocht na Gaeltachta (Leasaithe) 2001, is féidir le hAire na Gaeltachta le cead an Aire Airgeadais, deontais agus iasachtaí a thabhairt do chainteoirí Gaeilge a bheadh ag iarraidh teach a thógáil sa nGaeltacht. Níl aon úsáid á baint ag Roinn na Gaeltachta as an gcumhacht sin, in ainneoin an ghéarchéim tithíochta sa nGaeltacht. Moltar don Chomhchoiste an cheist seo a ardú le Aire na Gaeltachta agus iarraidh ar Roinn na Gaeltachta, scéimeanna tacaíochta a chur ar fáil a chabhródh le cainteoirí Gaeilge a bheadh ag iarraidh teach cónaithe a thógáil i gceantar Gaeltachta, ina bhfuil an Ghaeilge in usáid mar theanga phobail.

Le dul i ngleic leis an bhfadhb, creideann BÁNÚ gur ghá go mbeadh Údarás na Gaeltachta chomh gníomhach céanna faoi sholáthar tithíochta sa nGaeltacht is atá faoi sholáthar postanna: go mbeadh an tÚdarás ag ceannach talún a bheadh feiliúnach le haghaidh forbairtí beaga tithíochta; ag fáil cead pleanála imlíneach; ag cur seirbhísí riachtanacha ar fáil ar nós uisce, leictreachais, ceangail idirlíneach snáthoptaice agus séarachais. Tá cead ag an Údarás na seirbhísí sin a chur ar fáil do na molanna gTeiceanna agus do na monarchana, atá tógtha ag an Údarás ar fud na Gaeltachta. Dhéanfadh sé ciall go mbeadh an tÚdarás ag plé le soláthar tithíochta do na daoine a oibríonn sna hionaid oibre sin, len iad a choinneáil ina gcónaí sa nGaeltacht.

Le hachoimre a dhéanamh ar an ráiteas seo, tá BÁNÚ ag moladh na nithe seo a leanas:

(i) go dtabharfaí cumhachtaí tithíochta do Údarás na Gaeltachta, chomh maith leis an maoiniú riachtanach le cur ar chumas an Údaráis dul ag plé le soláthar tithíochta do chainteoirí Gaeilge sa nGaeltacht;
(ii) go dtabharfaí an t-aitheantas cuí do Údarás na Gaeltachta, le go bhféadfadh sé feidhmiú mar Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB) sa nGaeltacht mar a mhol an tAire Tithíochta, an Teachta Darragh O' Brien;
(iii) go dtabharfaí tús áite do chainteoirí Gaeilge teach a fháil ar cíos seachas tithe ag dul ar liheain ghearrthréimhseacha; ;
(iv) go bhfoilseofaí na Treoirlínte faoi Mhír 28 den Acht Pleanala, a thabharfadh treoir soiléir do na hÚdaráis Pleanála, cén caoi le freastal ar riachtanais tithíochta na bpobal Gaeltachta, ar mhaithe le caomhnú agus neartú na Gaeilge mar theanga phobail.

Sé an namhad is mó atá ag an nGaeilge mar theanga phobail sa nGaeltachta ná an clog ag ticeáil agus easpa gníomhaíochta na n-údarás stáit, bliain i ndiaidh bliana, faoi cheist na tithíochta. Iarrann muid oraibh na polaiteoirí sna páirtithe éagsúla le spéis acu in inmharthainneacht na Gaeltachta, a chinntiú go mbeidh Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta agus na Rannóg Pleanála sna contaethe Gaeltachta, ag feidhmiú as lámha a chéile leis an bhfadhb tithíochta sa nGaeltacht a réiteach, le go mbeidh an chéad ghlúin eile tuismitheoirí, ar chainteoirí dúchais iad, in ann lonnú sa nGaeltacht, leis an teanga Ghaeilge a sheachadadh ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile.

Críoch